# Cairt an Choiste Branda
# TG4
# Meitheamh 2024

## Feidhm an Choiste

### 1. Cuspóir

Bunaíodh an Coiste Branda chun cuidiú le Bord TG4 a bhfreagrachtaí maoirseachta maidir leo seo a leanas a chomhlíonadh:

1.1. An cur chuige Straitéise i leith an Bhranda do TG4 agus Cúla4; lena n-áirítear

- 1.1.1. Dearadh & Branda
- 1.1.2. Feachtais Margaíochta
- 1.1.3. Cumarsáid
- 1.1.4. Ócáidí

1.2. Réamh-léargas ar aon próiseas tairisceana a bhaineann le Margaíocht agus Branda

1.3. Léirmheas ar na Mórfheachtais

### 2. Cur Chuige an Choiste

Tagann an Coiste Branda le chéile dhá uair in aghaidh na bliana:

Cruinniú 1: Léargas ar Phlean Margaíochta & Ócáidí na bliana.

Cruinniú 2: Léirmheas ar an gcur chuige ar Fheachtais Mhargaíochta le linn na bliana.

Déanfaidh an Stiúrthóir Margaíochta Cur i Láthair ag gach Cruinniú agus beidh deis ag na comhaltaí Boird moltaí agus treoir a thabhairt.

Ó am go chéile déanfar cur i láthair do Bhord iomlán TG4, sa gcás go bhfuil togra ar leith a bheadh ina ábhar suime don Bhord níos leithne.

### 3. Comhdhéanamh

Tá triúr ball de Bhord TG4 ar an gCoiste, ceapaithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

Tá an Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha agus Comhpháirtíochta mar ionadaí ón Ard-Bhainistíocht ar an mBord.

Ó am go chéile iarrfar ar Bhainisteoirí TG4 atá freagrach as tograí ar leith nó Comhlachtaí Seachtracha atá ag cur Seirbhís Margaíochta ar fáil freastal ar chruinniú.

## 4. Freagrachtaí a bhaineann le Tuairisciú & Comhlíonadh

4.1. Tuairisciú don Bhord Stiúrthóirí maidir le gníomhaíochtaí agus saincheisteanna an Choiste agus moltaí bainteacha

4.2. Eolasach maidir le dea-chleachtais Branda & Margaíochta.

4.3. Eolas ar aon tuairiscí ábharacha a eisítear i leith Bhranda TG4 / Aitheantas TG4 i measc an phobail

## Pointí Eolais don Choiste: -

### Tairiscintí Seachtaracha a bhaineann le Margaíocht:

- Seirbhís Margaíochta: Eisítear tairiscint gach 3 – 5 bliana. Is iondúil go mbíonn dhá ghnéith ag baint leis an tseirbhís : a) Campaign Creative b) Media Planning
- Aitheantais TG4: Eisítear gairm ar thairiscintí gach 3 – 5 bliana.
- Earraí TG4: Eisítear gairm ar thairiscintí gach 3 – 5 bliana.

### Foirne in TG4 atá lárnach san obair Mhargaíochta & Branda

- Foireann Chumarsáide: Eagarthóirí PR & Meán Sóisialta, faoi stiúir an Bhainisteoir Cumarsáide
- Feidhmeannach Margaíochta
- Stiúrthóir Cruthaitheach & Branda
- Láithreoirí TG4
- Foireann Mol Cruthaitheach TG4 (graificí, blaisíní, UX)
- Foireann Fáiltithe atá ag plé leis an bpobal.

### Branda TG4 - aitheantas trasardán ar:

- TG4
- Player TG4 (TG4.ie)
- Seinnteoirí 3ú Páirtí (m/sh RTE Player, Sky, Virgin, Eir, Smart TV)
- Árdáin Sóisialta TG4 & fo-bhrandaí TG4
- Ócáidí : Ócáidí Pobail | Ócáidí Taifead | Ócáidí Corparáide / Gnó